# Moltaí maidir le struchtúr agus am i gcuraclam bunscoile athfhorbartha: Le haghaidh comhairliúcháin

Tá moltaí á bhfoilsiú inniu ag an CNCM a bhaineann le cúrsaí struchtúir agus ama i gcuraclam na bunscoile. Is í seo an chéad uair, laistigh de chóir a bheith fiche bliain, go raibh deis acu siúd a bhíonn ag obair sa bhunoideachas meabhrú ar struchtúr an churaclaim, cad a ba chóir a bheith ann agus conas a ba chóir an t-am a roinnt laistigh de.

Ó lainseáladh é in 1999, thug an curaclam inár gcuid bunscoileanna cabhair chun foghlaim agus forbairt do níos mó ná milliún páiste. Ba churaclam é a d'oir dá ré. Is ré dhifriúil atá ann anois, am é a bhíonn ag athrú. Tríd an taighde, is eol dúinn níos mó anois faoin gcaoi a mbíonn páistí ag foghlaim agus faoin sórt óige a chaitheann siad anseo in Éirinn. Tá ionchais athraitheacha ag an tsochaí anois i dtaca leis an mbunscolaíocht; táthar ag iarraidh breis ama a bheith á thabhairt ar scoil d'fholláine fhisiceach agus mheabhrach páistí, agus tá iarratais ann go dtabharfaí isteach réimsí nua foghlama. Ta dhá bhliain de sholáthar uilíoch réamhscoile againn anois freisin. Is mithid, más ea, a fhiafraí, *cén cineál curaclaim a ba mhaith linn dár gcuid páistí i mbunscoileanna do na chéad deich mbliana eile?*

Breathnaítear sa chéad chuid de na moltaí ar struchtúr an churaclaim. Mar chuid de sin táimid ag breathnú arbh fhéidir bogadh ar shiúl ó ábhair sa luath-bhunscoil agus naisc níos láidre a dhéanamh leis an méid a bhíonn ar siúl agus a fhoghlaimíonn páistí sa réamhscoil. In ionad ábhar, d'fhéadfadh téamaí a bheith againn amhail na cinn in *Aistear: Creat Curaclaim na Luath-Óige* (2009) é sin nó réimsí curaclaim. Is eol dúinn go gcabhraíonn ábhair le páistí a gcuid eolais a dhoimhniú agus a gcuid scileanna a fhorbairt i ndisciplíní ar leith. Agus mar sin de, an cheist thábhachtach atá le cur, *cén pointe sa churaclam ag ar chóir dúinn cloí le hábhair?*

Meabhraítear sa dara cuid de na moltaí ar bhealach difriúil chun smaoineamh faoin am agus chun am a úsáid sa lá scoile. Tá sé i gceist sna moltaí sin go dtairgfí breis solúbthachta do scoileanna a chinneadh cén chaoi ab fhearr chun am a úsáid le cabhrú le páistí ina gcuid foghlama. Dá n-úsáidfí an t-am níb fhearr b'fhéidir gurbh fhusa ag scoileanna modheolaíochtaí teagaisc ar leith a úsáid amhail súgradh leanbh-threoraithe i luathbhlianta na bunscoile, agus tionscadail shínte sna blianta ina dhiaidh sin.

Tá taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta, athbhreithnithe agus meastóireachtaí curaclaim, agus roinnt oibre le hionaid agus le scoileanna mar bhonn eolais taobh thiar den dá shraith mholtaí seo. Tá sé beartaithe go gcuirfidh na moltaí tús le plé faoi athfhorbairt churaclam na bunscoile. Beidh an comhairliúchán tosaigh seo ar siúl ar feadh an Earraigh 2017 agus beidh comhdháil ann mar chuid de ar 28 Márta i gCaisleán Bhaile Átha Cliath. Bainfidh an CNCM úsáid as na torthaí chun forbhreathnú a dhréachtú ar churaclam bunscoile athfhorbartha a bheidh, ar a sheal, ina fhócas ag comhairliúchán eile níos moille anonn in 2017 agus amach in 2018. Bí páirteach sa chomhrá tábhachtach seo ar an mbunoideachas. Féach www.ncca.ie/timeandstructure san athbhliain le haghaidh sonraí ar an gcaoi le bheith páirteach.

Tá na moltaí leagtha amach go mion sa cháipeis, *Moltaí le haghaidh struchtúir agus leithdhaileadh ama i gcuraclam bunscoile athfhorbartha: Le haghaidh comhairliúcháin* atá ar fáil ag www.ncca.ie/timeandstructure.